



2008

COMHSHAOL NA hÉIREANN

ACHOIMRE

Achoimre


Tugann *Comhshaol na hÉireann 2008*, an ceathrú tuarascáil de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar staid an chomhshaoil, measúnú foriomlán ar chomhshaol na hÉireann. Tugtar léirmheas ar cháilíocht gach gné den chomhshaol nádúrtha, sainaitnítear na hábhair bhroide agus tugtar measúnú ar na hiarmhairtí agus mar is féidir tabhairt fúthu. Is é tátal na tuarascála tríd is tríd go bhfuil cáilíocht réasúnta maith ag comhshaol na hÉireann ach go bhfuil roinnt dúshlán tábhachtach ann roimh Éirinn de bharr na n-athruithe

móra eacnamaíochta, sóisialta agus déimeagrafacha a tharla le beagán blianta anuas. Ina theannta sin, tugann an anailís ar na forbairtí is dócha a tharlóidh i ngach earnáil den gheilleagar le tuiscint gur mó i gcónaí an brú a chuirfear ar cháilíocht an chomhshaoil as seo go ceann fiche bliain.

Na Dúshlán is Mó

Tá ceithre fhadhb mhóra le sárú ag an gcomhshaol: an t-athrú aeráide a shrianadh agus oiriúnú dó; díghrádú an chomhshaoil a chur droim ar ais; fadhbanna an chomhshaoil a chur ar an gclár poiblí; agus an

Figiúr 1 Na Dúshlán is Mó roimh an gComhshaol



reachtaíocht agus na comhaontuithe a bhaineann leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Tá cuntas ina dhiaidh seo ar na ceithre fhadhb seo, a bhfuil léiriú orthu i bhFigiúr 1.

An tAthru Aeráide a Shrianadh agus Oiriúnú Dó

Glactar leis gurb é an t-athru aeráide an baol is mó atá ag bagairt ar an gcruinne agus an fhadhb is mó atá le sárú ag an gcine daonna. Tá na fadhbanna céanna ann in Éirinn is atá aon áit eile. Is é an chéad cheann díobh na hastuithe ceaptha teasa a laghdú go substaintiúil as seo go 2020 agus níos faide anonn. Is é an dara ceann díobh iarmhairtí an athraithe aeráide a laghdú in Éirinn an oiread agus is féidir. Chomh maith leis sin, feabhas a chur ar ár dtuiscint ar an athru aeráide agus ar na fadhbanna atá ag an tír seo dá bharr, agus mar is féidir iad a shárú.

Is mór atá le déanamh ag Éirinn má tá uaithe teacht suas le spriocanna Phrótaical Kyoto don tréimhse 2008–2012 agus le sprioc an AE maidir le comhroinnt an ualaigh as seo go dtí 2020 agus níos faide anonn. Léiríonn réamh-mheastacháin na huairé i láthair, fiú amháin má thugtar chun críche gach laghdú a cheaptar a bheidh mar thoradh ar na bearta is na beartais atá ann nó ag teacht, go sáróidh Éire teorainn Kyoto i gcónaí. Ní mór d'Éirinn a spleáchas i leith na mbreoslaí iontaise a laghdú agus ag an am céanna a chinntiú go méadófar go mór ar éifeachtacht an fhuinnimh agus ar an úsáid a bhaintear as foinsí eile fuinnimh, ar nós fhuinneamh na gaoithe, an aigéin agus na bithmhaise. Má tá sprioc na bliana 2020 le baint amach, ní mór athruithe bunúsacha a chur i bhfeidhm i ngach earnáil den gheilleagar, go mór mór in earnáil an fhuinnimh agus an iompair.

Is amhlaidh atá sé leis an athru aeráide, fiú amháin dá laghdófaí na hastuithe ceaptha teasa anois, nach féidir roinnt iarmhairtí a sheachaint feasta. D'fhonn freagairt orthu seo, ní mór sraith chomhaontaithe de bhearta oiriúnaithe a chur i bhfeidhm. I measc na n-iarmhairtí seo, ceaptar gur minice i gcónaí a bheidh tuilte agus tréimhsí triomaigh ann. Feasta caithfidh an infheistíocht ar leibhéal an náisiúin, an réigiúin agus na háite bearta oiriúnaithe a chur san áireamh, d'fhonn tuilte a chosc agus a shrianadh agus feabhas a chur ar bhainistíocht na n-acmhainní uisce (m.sh. soláthairtí uisce óil).

Le bonn a chur faoi chumas na tíre bearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm d'fhonn an t-athru aeráide a shrianadh agus oiriúnú dó, ní mór ár dtuiscint ar an athru seo a fheabhsú. Ní mór taighde leanúnach a dhéanamh le go dtuigfear mar a athróidh aeráid na hÉireann, an iarmhairt a bheidh aige seo ar chúrsaí gnó (m.sh. ar an talmhaíocht) agus ar an saol go ginearálta, teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt d'fhonn na hastuithe a laghdú agus, go mór mór, an fuinneamh a chur ar fáil as foinsí ar bheagán astuithe agus an phleanáil agus na bearta poiblí a dhearadh le hurraim don aeráid.

Díghrádú an Chomhshaoil a chur droim ar ais

Tríd is tríd tá cáilíocht an chomhshaoil in Éirinn réasúnta maith, ach tá dhá phríomhghné de atá míshásúil go leor – an t-eotrófú agus truailliú uisce eile; agus caomhnú easnamhach na ngnáthóg nádúrtha agus na speiceas. Fadhb thábhachtach eile is ea an talamh fhabhtaithe a leigheas.

Tá cáilíocht an uisce míshásúil i ngeall le 29 faoin gcéad de na cainéil abhann ar a ndearnadh suirbhéireacht. Tá timpeall 11 faoin gcéad díobh truaillithe go measartha nó go mór. Bíonn comharthaí seasmhacha ar roinnt de na hinbhir móra, go háirithe in oirdheisceart agus i ndeisceart na tíre, go bhfuil saibhriú fosfáite orthu. Tá cáilíocht an uisce míshásúil freisin i 66 loch, is é sin 15 faoin gcéad de na cinn a measúnaíodh. Ina theannta sin, tá tiúchan mhór níotráite sa screamhuisce in oirthear agus in oirdheisceart na tíre agus tiúchan mhór fosfáite in iarthar na tíre. Is é an t-eotrófú is bun leis an gcuid is mó den truailliú agus tá foinsí éagsúla leis, foinsí cathrach, talmhaíochta agus eile (tionsclaíocht, foraoiseacht, agus araile). Le go mbeadh cáilíocht shásúil ag na huiscí seo, mar a éilíonn Treoir Chreata an AE ar an uisce, caithfear iarrachtaí is beaichte fós a dhéanamh agus an t-uisce a bhainistiú mar acmhainn luachmhar. Mar shampla, caithfear cloí go hiomlán le caighdeán cháilíochta an chomhshaoil a chuireann srianta le truailléin san uisce. Caithfear srian a chur ar an sceitheadh chun uisce agus aon truailliú a rianú siar chun na foinse agus tabhairt faoi. Ní mór an Plean Gníomhaíochta Níotráití a chur i bhfeidhm go hiomlán d'fhonn tabhairt faoin truailliú ó foinsí forleathana talmhaíochta, agus ní foláir an phleanáil

forbartha a nascadh go dlúth le soláthar na n-áiseanna cuí cóireála camrais agus uisce óil shábháilte.

Le déanaí is é an measúnú a bhí ar chuid mhaith de ghnáthóga na hÉireann atá arna gcosaint ag Treoir an AE ar Ghnáthóga go raibh a stádas caomhnaithe go dona, agus ina measc seo bhí dumhcha, portaigh ardaithé agus bratphortaigh, tailte féaracha agus coillearnaí nádúrtha. Meastar go bhfuil drochstádas caomhnaithe ag speicis áirithe, go háirithe speicis na mbogach agus na dtimpeallachtaí uisce, mar shampla bradán an Atlantaigh, an dobharchú agus an diúilicín péarla fionnuisce. Lena chois seo, tá cuid mhaith de na héisc fharraige a bhfuil tábhacht tráchtála leo á saothrú róthrom, sa chaoi is go meastar go bhfuil chomh hard le 75 faoin gcéad de na stoic á marú ar bhealach a sháraíonn teorainneacha sábháilteachta na bitheolaíochta. Baol mór é cailleadh na bithéagsúlachta do cháilíocht chomhshaoil na hÉireann mar go minic ní féidir díghrádú na ngnáthóg ná cailleadh na speiceas a chur droim ar ais. I measc na mbaol is mó atá ag bagairt ar an mbithéagsúlacht tá an dochar a dhéantar go díreach don ghnáthóg, truailliú an uisce, an saothrú neamh-inbhuanaithe agus éilimh lucht fóillíochta. Ní mór na gnáthóga tábhachtacha a bainistiú agus a chosaint go réamhghníomhach le gur féidir drochmheasúnuithe ar an stádas caomhnaithe a chur ina gceart. Ní mór, mar bheart práinne, líon cuí suíomh cosanta a ainmniú agus pleananna bainistíochta suímh a chur i bhfeidhm a mbeidh spriocanna caomhantais soiléire acu. Ar leibhéal an náisiúin ní mór an chomhtháiteacht a fheabhsú idir na pleananna agus na cláir éagsúla a théann i gcion ar an mbithéagsúlacht (m.sh. an fhoraoiseacht, an talmhaíocht, an t-athrú aeráide, an t-iascach) agus caithfidh an chinnteoireacht ar leibhéal an réigiúin agus na háite a bheith i gcomhréir leis na ceangaltais i leith na bithéagsúlachta ar an leibhéal is airde. Tá go leor fós le déanamh chun an fheasacht agus tábhacht na bithéagsúlachta a ardú in Éirinn, lena n-áirítear faisnéis bhunaidh agus faisnéis reatha a chur ar fáil faoi dháileadh agus faoi fhlúirse na speiceas agus na ngnáthóg.

I measc na suíomh fabhtaithe in Éirinn tá dumpaí ó úsáid, mianaigh thréigthe agus suímh seanghníomhaíochtaí tionsclaíocha, ar nós monarchana cruach nó gáis. Measann an EPA go bhfuil idir 1,980 agus 2,300 suíomh ann atá baolach ó thaobh fhabhtú na talún agus/nó

an screamhuisce, ach ní fios an líon fíor mar faoi láthair níl aon fhardal náisiúnta le fáil. Cé go bhfuil dhá thionscnamh náisiúnta ar siúl d'fhonn fardail a dhéanamh de na seanmhianaigh agus de na láithreáin fuílligh neamhrialaithe, níl aon chreat beartais foriomlán ann d'fhonn an talamh fhabhtaithe in Éirinn a shainaitheint, a bhainistiú agus a leigheas. Ní mór reachtaíocht náisiúnta a fhorbairt a dhéileálfaidh go háirithe le fabhtú na hithreach, lena n-áirítear meicníocht leasúcháin do na suímh.

Fadhbanna an Chomhshaoil a chur ar an gClár Poiblí

I gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe, tá nasc bunúsach idir an rath eacnamaíochta agus comhshaoil glan cosanta. Cé go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta d'fhonn fadhbanna an chomhshaoil a chomhtháthú leis na beartais eacnamaíochta agus shóisialta, tá cuid mhaith eile le déanamh. Is féidir le polasaithe agus pleananna a bhaineann le raon mór ceisteanna (forbairt thionsclaíoch, tithíocht, pleanáil, talmhaíocht, iascach, fuinneamh, iompar, agus araile) dul in éifeacht ar an gcomhshaoil, go díreach nó go hindíreach, agus dá réir sin níor mhór iad uile a phromhadh maidir leis an éifeacht seo. Is éard is aidhm do Threoir an AE faoi Mheasúnú Straitéiseach ar an gComhshaoil (SEA) measúnú a dhéanamh ar iarmhairtí pleananna in earnálacha mar an fhoraoiseacht, an iascach, an iompar, an bhfuinneamh, an turasóireacht agus úsáid na talún, ar an gcomhshaoil. Cé go bhfuil cuid mhaith de na hearnálacha seo ag tosú anois ag tabhairt aghaidh ar riachtanais na Treorach SEA, tá cuid eile nár thosaigh fós ag plé leo go hiomlán. Cuid suntais é nár bronnadh cumhachtaí forfheidhmithe ar bith ar na húdaráis chomhshaoil reachtúla maidir le hiallach a chur ar lucht déanta pleananna/clár dul i mbun SEA. Ina theannta sin, tá géarghá ó thaobh na forbartha inbhuanaithe go gcuirfí infreastruchtúr cuí ar fáil ar mhaithe leis an iompar inbhuanaithe, leis an bhfuinneamh in-athnuaite, le cóireáil a chur ar an bhfuíolluisce agus le tuille a chosc agus a shrianadh.

Ní mór do na gnólachtaí agus dá gcomhlachtaí ionadaíochta freagracht is mó fós a ghlacadh as a bhfeidhmíocht féin maidir leis an gcomhshaoil. Cé gur mó i gcónaí is feasach do ghnólachtaí aonair gur rud


brabúsach é an dea-chleachtas comhshaoil maidir le hairgead agus leis an iomaíocht, is lú atá a fhios go bhfuil beocht eacnamaíochta roinnt mhaith earnálacha den gheilleagar fite go dlúth le híomhá ghlan ghlas na hÉireann (m.sh. an turasóireacht, an bia), agus ina theannta sin gur rud substaintiúil í an iarmhairt charnach a fhágann feidhmíocht na ngnólachtaí beaga, meánacha agus móra ar cháilíocht an chomhshaoil. Tá ról mór ceannaireachta le cur i gcrích ag comhlachtaí ionadaíochta lucht gnó d'fhonn buntáistí eacnamaíochta na dea-fheidhmíochta comhshaoil a chur ar a súile dá mbaill, agus iad a spreagadh le páirt a ghlacadh i roinnt tionscnamh atá ar siúl faoi láthair d'fhonn cabhrú leis na ngnólachtaí earraí agus seirbhísí a tháirgeadh ar bhealaí is lú díobháil don chomhshaoil (m.sh. Tionscnamh an Ghnó Ghlais agus an Clár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise de chuid an EPA).

Ní hiad comhlachtaí an rialtais amháin atá freagrach as ceisteanna comhshaoil; freagracht í a bhaineann le gach saoránach. Féadfaidh na cinntí a ghlacann duine aonair ar bith géarú ar dhíghrádú an chomhshaoil (cailleadh na bithéagsúlachta, truailliú, dramhaíl, agus araile), é sin, nó é a chosaint agus a fheabhsú. Tá na hacmhainní, go mór mór an t-uisce agus an fuinneamh, á n-úsáid faoi láthair ar leibhéal nach féidir a bhuanú, agus tá an dramhaíl atá á giniúint ag formheadú i gcónaí. Caithfidh athrú a theacht ar iompraíocht gach duine má tá slí mhaireachtála inbhuanaithe le baint amach. Tá dul chun cinn áirithe déanta, mar shampla, maidir le hathchúrsáil na dramhaíola, ach is mór an feabhas is féidir a chur fós ar úsáid an fhuinnimh chun iompair agus teasa, ar chaomhnú an uisce, agus ar chosc is bhainistíocht na dramhaíola.

Cloí le Reachtaíocht agus le Comhaontuithe Comhshaoil

Caithfidh Éire cultúr láidir a fhorbairt maidir leis an ngéilliúlacht don reachtaíocht ar an gcomhshaoil. Is minic a fheictear do dhaoine gurb ualach rialála gan rath iad an ceadúnú agus an forfheidhmiú comhshaoil agus an iarracht dea-stádas comhshaoil a bhaint amach. Ar a shon sin, tá gá lena leithéid de rialáil le comhshaoil ardcháilíochta a chinntiú. Cinnte, caithfidh na comhlachtaí stáit agus na húdaráis áitiúla a bheith ina ngardaí agus ina stíobhaird réamhghníomhacha ar an gcomhshaoil, ach caithfidh eagraíochtaí ionadaíochta lucht gnó freisin cultúr géilliúlachta don chomhshaoil a spreagadh is a chur chun cinn. Ar an gcaoi chéanna, caithfidh saoránaigh na hÉireann uile a bheith níos feasaí faoin gcomhshaoil agus níos géilliúla do na dlíthe comhshaoil, mar tá mionlach mór fós ann a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, ar nós bruscar a chaitheamh nó a dhiúscairt go neamhdhleathach, nó dramhaíl teaghligh a dhó i gclós an tí.

Is gá i gcónaí caighdeán fhorfheidhmiú na ndlíthe comhshaoil a ardú agus a dhéanamh níos comhsheasmhaí ar leibhéal an náisiúin is na háite, lena chinntiú go bhfeidhmítear an prionsabal 'íoc mar a thruaillítear' agus go n-íocfaidh siad siúd a dhéanann neamhní de dhlíthe an chomhshaoil as a ngníomhartha. Bac méadaitheach dóibh siúd a thruaillíodh dá bhféadfaidís is ea an dliteanas a bheadh orthu íoc as costais an fhorfheidhmithe agus an leasúcháin. Dúshlán mór d'Éirinn cuid mhaith de na hoibleagáidí i leith an chomhshaoil a leagann reachtaíocht na hEorpa agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile uirthi a chomhlíonadh. Mura gcomhlíonfaimis na hoibleagáidí atá orainn, ba chomhartha é ar bheagán díograise don chomhshaoil agus d'fhéadfadh sé seo dul i bhfeidhm ar íomhá na hÉireann mar thír ina bhfuil comhshaoil ardcháilíochta.



D'fhéadfaí pionóis airgeadais a chur orainn mura gcomhlíonfaimis ár gcuid ceangaltas i leith chosaint an chomhshaoil, rud a chuirfeadh srian ar ár gcumas íoc as cosaint an chomhshaoil agus as bearta táirgiúla eile agus a d'fhágfadh Éire i measc an fhíorbheagáin de thíortha an AE ar a gcuirfí fineálacha comhshaoil, cás nárbh áil linn. I measc na n-oibleagáidí comhshaoil tá ceangaltas i leith na dramhaíola, an dúlra, agus na n-astuithe chun an uisce agus chun an aeir, agus ar na cinn is dúshlánaí tá siad seo a leanas.

- Dearóiliú ar cháilíocht aon docharlaigh a chosc agus an stádas “go maith” nó níos airde a bhaint amach do gach docharlach faoin mbliain 2015 de réir na Treorach Creata ar an Uisce.
- De bhun Phrótocal Kyoto don UNFCCC, na hastuithe ceaptha teasa a laghdú sa chaoi is nach sáróidís de bhreis agus 13 faoin gcéad leibhéal na bliana 1990 sa tréimhse 2008–2012, rud is ionann agus teorainn mheánach 62.8 Mt CO₂e in aghaidh na bliana.
- De bhun “Phacáiste Gníomhaíochta Aeráide agus Fuinnimh In-athnuaite an Choimisiúin Eorpaigh”, na hastuithe ceaptha teasa a laghdú de 20 faoin gcéad i 2020 i gcomórtas le leibhéal 2005 (rud is ionann agus sprioc 37.9 Mt CO₂e d'astuithe iomlána). Má ghlactar le comhaontú idirnáisiúnta faoin scéal, éileofar laghduithe eile, chomh hard le 30 faoin gcéad.
- De bhun na dTreoracha Gnáthóg agus Éan, oibleagáidí na hÉireann maidir le hainmniú, rangú, bainistíocht agus cosaint na suíomh a chomhlíonadh.
- De bhun na Treorach ar Uasteorainn d'Astuithe Náisiúnta, spriocanna laghdaithe a bhaint amach do gháis trasteorann, go háirithe maidir le hastuithe ocsaídí de nítrigin (NO_x).
- De bhun Threoir “Líonadh Talún” an AE, diaidh ar ndiaidh an dramhaíl chathrach in-bhithmhille a dhumpáiltear a laghdú le nach mbeadh níos mó ná 451,000 tonaí ann faoin mbliain 2016.

Cáilíocht an Chomhshaoil agus na Treochtaí is Nua

Tugadh faoi mheasúnuithe ar na meáin comhshaoil go léir agus pléitear saindeacrachtaí gach ceiste sna caibidlí ar

leith. Mar a mhínítear thuas, tá ceithre phríomhdhúshlán comhshaoil na hÉireann bunaithe ar mheasúnú leathan faisnéise ar cháilíocht chomhshaoil na hÉireann, ar shainaithint na mbrúna atá air agus ar an gcaoi ar cheart freagairt orthu. Tá achoimre ghearr ar cháilíocht an chomhshaoil agus ar roinnt saincheistanna eile anseo thíos.

Cáilíocht an Aeir

Tríd is tríd tá cáilíocht mhaith san aer in Éirinn ar fud na tíre. Toisc sruthanna an aeir teacht de ghnáth ón Atlantach agus gan mórán cathracha ná tionscal trom a bheith sa tír, tá Éire ar cheann den bheagán tíortha san Eoraip nár sháraigh aon cheann de na luachanna teorann do cháilíocht an aeir le blianta beaga anuas. Mar sin féin, ní ceart dúinn a bheith bogásach. Sna limistéir chathrach is iad na hastuithe cáithníní agus ocsaídí de nítrigin, ar feithiclí is mó is cúis leo, an baol is mó atá ag bagairt ar cháilíocht an aeir. Le blianta beaga anuas tá srian curtha ag an teicneolaíocht le leibhéal astuithe gach feithicle aonair ach toisc gur mó na feithiclí atá ann agus gur mó a dtóirt, ní dheachaigh sé seo chun sochair do cháilíocht an aeir. Fadhb mhór d'Éirinn feasta srian a chur le hastuithe chun an aeir agus fás chomh mór sin ar líon na bhfeithiclí sa tír.

Astuithe chun an Aeir

Ildir eatarthu a chruthaigh Éire maidir le spriocanna astuithe aeir an AE. Mar shampla, meastar go mbainfidh astuithe dé-ocsaíde sulfair, comhdhúile orgánacha so-ghalaithe agus amóinia – na truailléin aeir trasteorann go léir ar a dtugtar gáis aigéadaithe – na spriocanna a leagadh síos amach. Chruthaíomar níos fearr sa limistéar seo mar gheall ar an mbeartas comhshaoil a cuireadh i gcrích agus ar an bhfeabhas a tháinig ar an teicneolaíocht (m.sh. srianta catalaigh sna hastuithe iompair, díothú an tsulfair as gáis mhúcháin i nginiúint cumhachta). Chuir leasú bheartas talmhaíochta an AE freisin leis an bhfeidhmíocht maidir le hastuithe aeir, mar is de bharr an laghdú a tháinig ar líon an eallaigh a laghdaíodh na hastuithe amóinia agus ní de bharr sainbheart ar bith d'fhonn iad a shrianadh. Is lú is cúis mhisnigh dúinn an fheidhmíocht maidir le NO_x, mar a dúradh thuas, mar ceaptar go bhfanfaidh na hastuithe cuid mhaith os

cionn an leibhéil sprice atá leagtha síos sa Treoir 2010 ar Uasteorainn d’Astuithe Náisiúnta. Is iad na monarchana giniúna cumhachta agus na mótarfheithiclí príomhfhoinsí na n-astuithe NOX, nithe a bhfuil fás mór fúthu le déanaí agus gan aon rogha mór eile ann seachas iad as seo go ceann tamaill eile.

Cuid suntais an dul chun cinn a rinneadh maidir le scaradh astuithe ceaptha teasa ón ngníomhaíocht eacnamaíochta, mar is ionann agus leath leibhéal 1990 na hastuithe in aghaidh gach aonaid luacha den olltáirgeacht anois. Mar sin féin, mar a dúradh cheana, fadhb mhór chomhshaoil é na hastuithe ceaptha teasa a laghdú agus sinn ag srianadh an athraithe aeráide agus ag oiriúnú dó.

Uisce

Mar a dúradh cheana, tá an leasúchán ar dhroch-cháilíocht an uisce - an screamhuisce, uisce na n-aibhneacha, na lochanna agus na n-inbhear - ar cheann de na príomhfhadhbanna comhshaoil.

Is comhartha í Treoir Chreata an AE ar an Uisce ar an gcaoi nua a bhfuiltear ag tabhairt faoi chosaint agus faoi fheabhsú na n-acmhainní uisce. Cuirfear tús i 2009 le timthriall sé bliana de phleananna bainistíochta abhantrach d’fhonn gach sórt uisce a chosaint agus a fheabhsú – screamhuisce, aibhneacha, lochanna, uiscí trasdultacha (inbhir) agus uiscí an chósta – lena n-áireofar cosaint na n-éiceachóras talún agus na mbogach ábhartha.

Dramhaíl agus Úsáid Acmhainní

Tá méadú mór le blianta beaga anuas ar ghiniúint dramhaíola agus ar úsáid acmhainní agus tá siad anois ar leibhéil do-bhuanaithe. Dá mhéad a úsáidfear ábhair (d’earraí tomhaltais, do phacáistíocht agus araile) is amhlaidh is mó a ghinfear dramhaíl. Mar shampla, tá an méadú ar ghiniúint dramhaíola cathrach le blianta beaga anuas i gcomhréir go dlúth leis an bhfás atá tagtha faoin olltáirgeacht intíre agus faoin thomhaltas pearsanta. Tá roinnt tionscnamh tar éis a bhforbartha ag Clár Náisiúnta Coiscthe Dramhaíola an EPA le giniúint dramhaíola a chosc, sa bhaile agus i gcúrsaí gnó. Is airde iad leibhéil na hathchúrsála anois toisc líonra fairsing suíomh

conláistí cathartha agus athchúrsála a bheith curtha ar fáil. Cuireadh breis agus 2 mhilliún tonna d’ábhar chun athchúrsála in Éirinn nó thar lear le linn 2006. Dá bharr seo níl Éire, mar a bhí sí roimhe seo, ag brath go hiomlán, geall leis, ar an dumpáil maidir le dramhaíl a bhainistiú. Mar sin féin, is é an cur sa talamh an príomhrogha a chleachtar maidir le bainistíocht dramhaíola cathrach. Tá de cheangal ar Éirinn, faoin mbliain 2016, an méid dramhaíola cathrach in-bhithmhíllte a dhumpáiltear a laghdú anuas go 35 faoin gcéad den mhéid a gineadh i 1995. Toisc go léiríonn na sonraí is déanaí don bhliain 2006 go bhfuil geall le 68 faoin gcéad den dramhaíl seo á chur sa talamh, is sprioc dhúshlánach go maith é seo d’Éirinn.

Meastar go dtiocfaidh rátaí móra fáis faoi ghiniúint na dramhaíola. Táthar ag ceapadh go dtiocfaidh fás faoi dhó ar an dramhaíl chathrach as seo go ceann 20 bliain, toisc méadú a bheith ar an daonra, ar líon na dteaghlach agus ar leibhéil an tomhaltais. Meastar go dtiocfaidh fás faoin dramhaíl chathrach in aghaidh an duine ó 840 kg i 2006 suas go timpeall 1,300 kg faoi 2025. Agus rátaí fáis bliantúla chomh hard le 4 faoin gcéad ann faoi raon sruthanna dramhaíola, beidh brú nach beag ar na hinfreastruchtúir bhainistíochta, go háirithe maidir le dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl in-bhithmhíllte, mar a bhfuil an t-infreastruchtúr thar a bheith easnamhach cheana.

Úsáid na Talún

Tá athrú cuibheasach mór ar úsáid na talún in Éirinn, i gcomórtas le caighdeáin na hEorpa, ó bhlianta tosaigh na 1990dí anuas. Mar shampla, tá méadú faoina ceathrú cuid ar an talamh foraoiseachta suas go 10 faoin gcéad den limistéar náisiúnta ó 2000, agus méadú ar na limistéir ar a bhfuil clúdach saorga (pábháil, foirgnimh, agus araile) faoina cúigiú cuid, timpeall, idir 2000 agus 2006. Mar gheall ar an tithíocht ar imeall na limistéar cathrach, tá méadú ar na hachair chomaitéireachta, ar na huaireanta taistil agus ar astú truaileán chun an aeir. Ar an gcaoi chéanna, tá áitribh aonair tar éis a dtógtha go forleathan i gceantair thuaithe agus bruachbhailte déanta de shráidbhailte gar do bhailte móra agus do chathracha, gan an t-infreastruchtúr riachtanach a bheith curtha ar fáil maidir le dramhaíl, fuíolluisce, uisce óil agus

iompar. Le gníomhaíochtaí talmhaíochta a bhaineann breis agus 60 faoin gcéad de thalamh na hÉireann, ar gníomhaíochtaí fairsinge iad atá bunaithe ar an bhféar go mór mór. Is iad na treochothaí is mó suntas in úsáid na talún feirmeoireachta an méadú atá ar an talamh ar a dtáirgtear sadhlag agus, ó 2004 i leith, an méadú faoi dhó agus níos mó ar an talamh ar a dtáirgtear barraí bithbhreosla.

An Ithir

Is mór a chabhraigh ár n-aeráid mhuirí, an féarthalamh buan iomadúil, na cleachtais inbhuanaithe maidir le bainistíocht na talún agus easpa stairiúil na tionsclaíochta le caomhnú agus le cosaint cháilíocht na hithreach ar fud na tíre. Glactar leis go ginearálta go bhfuil cáilíocht na hithreach go maith in Éirinn ach ní mór an fhaisnéis atá ann a dheimhneodh an measúnú seo. Cé gur bheag na brúnna a bhí ar an ithir anallód, tá raon díobh anois ann ar baol fabhtaithe iad. Mar a dúradh cheana, tá chomh hard le 2,300 suíomh tráchtála ann a meastar go bhféadfaidís an ithir agus/nó an screamhuisce a fhabhtú, ar nós suíomh stórála peitriam, monarchana gáis, súdaireachta agus cóireála adhmaid.

D'fhéadfaí an ithir a fhabhtú leathan go leor de dheasca raon gníomhaíochtaí talún, lena n-áirítear í a leasú le lotnaidicídí nó le dríodar camrais, nó de dheasca sil-leagain as an aer ón tionsclaíocht, ón iompar, ó theaghlach agus ón talmhaíocht, agus tá gá le bainistíocht cháiriseach dá mbarr seo uile. Mar shampla, de réir na faisnéise atá le fáil, sáraíonn timpeall 15 faoin gcéad d'ithreacha na hÉireann na leibhéil tairsí do chaidmiam agus timpeall 23 faoin gcéad na leibhéil do nicil; mar sin ní mór leasú na talún le dríodar camrais a bhainistiú go cáiriseach mar tá sé seo ar cheann de phríomhfhoinsí na miotal trom san ithir. Baol é fabhtú na talún dá feidhmiúlacht, lena n-áirítear an leas a bhaintear aisti mar mheán fáis, an chaoi ar féidir léi sruthanna uisce a rialú agus a shrianadh agus ábhair fhabhtaithe áirithe a scagadh agus a asamhlú, agus freisin cothaithe ar chur ar stór.

Lena chinntiú go gcosnaítear an ithir mar ba chóir, tá na bearta seo a leanas riachtanach: léarscáil chuimsitheach náisiúnta a fhorbairt de na hithreacha, agus na sonraí fisiceacha agus ceimiceacha cuí curtha leo; dul i mbun

measúnaithe chriticiúil ar staid ithreacha na hÉireann; líonra monatóireachta ithreach a fhorbairt; agus creat bainistíochta a fhorbairt do leasúchán na n-ithreacha fabhtaithe. Ní mór an leibhéal céanna cosanta a thugtar don aer agus don uisce a thabhairt freisin don ithir mar tá dlúthbhaint ag na heilimintí seo lena chéile.

Ceimiceáin agus Radaíocht sa Chomhshaol

Is mó i gcónaí is cúis imní na ceimiceáin atá sa chomhshaol. Tá raon ceimiceán ann, ar nós truailléan orgánach dianseasmhach, défheinilí polaclóirínithe, ceimiceán a chuireann isteach ar an gcóras inchríneach, dé-ocsainí, furán agus lotnaidicídí, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláinte na ndaoine agus don chomhshaol ach iad a scaoileadh. Léiríonn na suirbhéanna monatóireachta a rinneadh ar na dé-ocsainí, mar shampla, go bhfuil siad le fáil gach áit sa chomhshaol, ach is beag a leibhéal tiúchana i gcomórtas le tíortha eile san Eoraip. Léiríonn an mhonatóireacht in aice le monarchana, go háirithe in aice leo siúd a d'fhéadfadh dé-ocsainí a scaoileadh, go bhfuil na leibhéil an-íseal agus go maith faoi bhun na dteorainneacha. Tá bainistíocht na gceimiceán seo faoi réir roinnt ionstraimí idirnáisiúnta ceangailteacha, agus is éard is aidhm do REACH, rialachán nua an AE maidir le ceimiceáin, an creat reachtaíochta ar na ceimiceáin a éascú agus a fheabhsú.

Tá an radaighníomhaíocht thar a bheith íseal i gcomhshaol na hÉireann, agus cúiseanna nádúrtha leis an gcuid is mó di – mar shampla, ón ngás radón a eascraíonn as an úráiniam a mheathann sna carraigeacha agus san ithir. Is iad na héisc is na sliogáin as Muir Éireann is mó a chuireann daonra na hÉireann i láthair na radaighníomhaíochta a rinne an duine, ach is beag le rá an méid seo i bhfianaise na radaighníomhaíochta nádúrtha a tharlaíonn i mbia mara.

Mar Chlabhsúr

Tríd is tríd tá cáilíocht mhaith i gcomhshaol na hÉireann, cé go gcuireann raon gníomhaíochtaí brú air a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh. De bharr an fhoráis eacnamaíochta leanúnaigh agus na n-athruithe ar na patrúin tomhaltais, tá méadú nach beag ar na brúnna seo le deich mbliana anuas, méadú a sháraíonn go minic an ráta atá ann i dtíortha eile san AE. Dá bharr seo tá roinnt

fadhbanna móra comhshaoil le sárú ag Éirinn sna blianta atá romhainn: an t-athrú aeráide a shrianadh agus oiriúnú dó; díghrádú an chomhshaoil a chur droim ar ais; fadhbanna an chomhshaoil a chur ar an gclár poiblí; agus an reachtaíocht agus na comhaontuithe a bhaineann leis an gcomhshaoil a chomhlíonadh.

D'fhéadfadh forbairtí san eolaíocht, sa taighde agus sa nuálaíocht cabhrú go mór na fadhbanna cosanta comhshaoil seo a shárú. Cuirfidh an taighde ar an gcáilíocht an bonn ar fáil ar a ndéanfar cinntí fóna, agus cuirfidh an teicneolaíocht agus an nuálaíocht na réitigh ar fáil ar na fadhbanna. Le cois an taighde leanúnaigh sna heolaíochtaí comhshaoil, tá taighde ag teastáil le gur fearr a thuigfear comhthéacs socheacnamaíoch na gceisteanna comhshaoil, lena n-áirítear an iompraíocht, agus caithfear réamhradharcaí agus réamh-mheastacháin chomhshaoil a fhorbairt a chuirfidh bonn faoi na réitigh ar na fadhbanna. Toisc saincheisteanna an chomhshaoil a bheith chomh casta, ní mór bonn maith éifeachtach eolaíochta a chur faoi na beartais agus na réitigh, agus is clár sistéamach taighde comhshaoil is fearr a chuirfidh é seo ar fáil. Tá sé ríthábhachtach go leanfaí den infheistíocht láidir sa taighde comhshaoil, mar is de thaighde an lae inniu a dhéanfar cosaint an lae amárach.

Sócmhainn náisiúnta ríthábhachtach é an comhshaoil nádúrtha agus téann cosaint agus feabhsú an chomhshaoil chun sochair don eacnamaíocht agus don tsochaí, anois féin agus

feasta. I gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe, is den tábhacht é nach n-ideofar ná nach dtruaileofar na tosca comhshaoil atá bunúsach do leas eacnamaíochta agus sóisialta na nglún a thiocfaidh inár ndiaidh. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí saincheisteanna an chomhshaoil i gcroílár na mbeartas agus na cinnteoireachta i ngach earnáil den gheilleagar.



AN GHNÍOMHAIREACTH UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Bosca Poist 3000, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach,
Contae Loch Garman, Éire

t +353 53 9160600 **f** +353 53 9160699

r info@epa.ie **g** <http://www.epa.ie>



Arna chlóbhualadh ar pháipéar athchúrsáilte